**RABHADH**

**Ní mór duit an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar, nó caillfear**

Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe Anseo

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2003

## TÍREOLAÍOCHT -ARDLEIBHÉAL

## ROINN 1 - FILLTEÁN


DE LUAIN 9 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 1.30 go 3.30

**ROINN 1 (60 MARC)**

Caithfear tabhairt faoi **gach** ceist.
Tá rogha agat i dtrí cheist.
Déan deimhin de an fillteán seo a chur faoi iamh le do fhreagarleabhar.
Mura ndéanann tú sin, caillfidh tú marcanna.

## 1. AIBHNEACHA

Scrúdaigh an sceitse páirce d'abhainn agus freagair na ceisteanna a leanas.




(i) Tarraingíodh an sceitse i gcúrsaí/cuid ________________________________ den abhainn.

(ii) **Cuir isteach** an litir **C** ag cumar an dá shruthlán.

(iii) Tá méid (toirt) an uisce **méadaithe/laghdaithe** ag X sa léaráid.
Cuir ***ciorcal*** ar an bhfocal ceart.

**2. DÁLAÍ AIMSIRE THAR IARTHAR NA hEORPA**

Déan scrúdú ar an léarscáil aimsire agus freagair na ceisteanna thíos.


(i) **Cuir isteach** an focal ARD san áit chuí ar an léarscáil.

I gcodanna (ii) agus (ii) **cuir isteach** an uimhir/focal atá in easnamh.

(ii) Is í an uimhir atá in easnamh ag X ná _________________ milleabar.

(iii) Is é is cúis leis an mbáisteach ar feadh cósta thiar na Breataine ná _________ fronta.

**Dálaí Aimsire thar Iarthar na hEorpa**



**FREAGAIR 3A NÓ 3B**

## 3A. TEORAINNEACHA PLÁTAÍ


Taispeánann an léarscáil thíos roinnt Teorainneacha Plátaí agus Bolcán.

***Cuir ciorcal*** thart ar an bhfreagra ceart i ngach ceann de na ráitis thíos.

(i) Is é Iomaire an **Atlantaigh Láir/Iomaire an Aigéin Chiúin Láir** an ceantar atá marcáilte A.

(ii) Is é Iomaire an **Aigéin chiúin/Fáinne Tine an Aigéin Chiúin** an ceantar atá marcáilte B

(iii) Tá Fillsléibhte ar a dtugtar **Na Sléibhte Creagacha/Na hAindéis** sa cheantar atá marcáilte C.




**NÓ**

## 3B. CARRAIGEACHA


*Sna boscaí atá ann dóibh, **meaitseáil** gach litir i gcolún X lena huimhir chéile i gcolún Y.*
*Tá meaitseáil amháin déanta cheana.*

| | Colún X |
|---|---|
| A | An Charraig Dhríodair is coitianta in Éirinn |
| B | Carraig Mheiteamorfach a bhí ina Gaineamhchloch tráth |
| C | Bruthcharraig atá le fáil ag Clochán na bhFomhórach, Co. Aontroma |
| D | Bruthcharraig gharbh ildathach atá le fáil i gCill Mhantáin |
| E | Breosla iontaiseach atá le fáil i lár na hÉireann |

| | Colún Y |
|---|---|
| 1 | Grianchloichít |
| 2 | Eibhear |
| 3 | Aolchloch |
| 4 | Basalt |
| 5 | Móin |

| | |
|---|---|
| A | 3 |
| B | |
| C | |
| D | |
| E | |

## 4. TIONCHAR DAONNA AR AN TIMPEALLACHT DE RÉIR RÉIGIÚN




Léigh na ráitis thíos. Níl na ráitis go léir fíor.

1. Taispeánann an Eoraip an % is mó de cheantar an-suaite.
2. Taispeánann Meiriceá Laidneach an % is mó de cheantar roinnt suaite.
3. Taispeánann an Astráil agus Meiriceá Laidneach an % is mó de cheantar neamh-shuaite.
4. San Aise tá an % den cheantar neamh-shuaite níos lú ná an % den cheantar an-suaite.
5. I Meiriceá Thuaidh tá an % den cheantar an-suaite níos lú ná san Eoraip.

Tá na ráitis chearta uimhrithe.
*Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.*

1 2 3 ☐

2 4 5 ☐

1 3 5 ☐

1 3 4 ☐

## 5. TÍREOLAÍOCHT UIRBEACH

Is éard is Baile Dórtúir (Codailbhaile) ann ná:
*Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.*

Baile a bhfuil go leor feidhmeanna ag baint leis. ☐

Baile atá tógtha gar do mhianach. ☐

Baile ina gcónaíonn daoine ach a oibríonn i mbaile eile. ☐

Baile a bhfuil daonra ann atá ag laghdú. ☐



[thall

**FREAGAIR 6A NÓ 6B**

## 6A. TAIFID AIMSIRE

Féach ar an tábla thíos a thaispeánann sonraí de ghnéithe aimsire le linn tréimhse 7 lá.

**Sonraí Aeráide d'Aerfort Bhaile Átha Cliath, Meán Fómhair 2002.**

| Dáta | Meánteocht (°C) | Báisteach (mm) | Grian (uaireanta) | Treo na Gaoithe |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 14.4 | 0.9 | 3.7 | Aniar |
| 2 | 12.1 | 12.6 | 1.0 | Aneas |
| 3 | 16.8 | 11.3 | 1.7 | Aneas |
| 4 | 14.5 | 10.4 | 8.3 | Aniar Aneas |
| 5 | 14.7 | 0.0 | 4.1 | Aniar Aneas |
| 6 | 13.5 | 1.6 | 4.0 | Aniar Aneas |
| 7 | 15.1 | 0.4 | 0.0 | Aniar |

*Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i ngach ceann de na habairti seo a leanas*

(i) Ba é an **Raon Teochta** i rith na tréimhse 7 lá ná 4.7°/2.4°.

(ii) Ba í an **Fhrasaíocht Iomlán** don tseachtain ná 38.4mm/37.2mm.

(iii) Ba é an lá **ba lú** gréine ná lá 2 / lá 7.

**NÓ**


## 6B. RÉIGIÚN CHOMHAERÁIDE

*Déan staidéar ar an léarscáil agus cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i ngach cás.*

(i) Is é an cineál Aeráide atá le fáil ag A ná **Fásach Te**/**Tundra**.

(ii) Is é an cineál Aeráide atá le fáil ag B ná **Meánchriosach**/**Measartha Aigéanach**.

(iii) Is é an cineál Aeráide atá le fáil ag C ná **Sabhána**/**Tuaisceartach**.



## 7. DAONÁIREAMH 2002 & ATHRÚ DAONRA I bPOBLACHT NA hÉIREANN

Déan scrúdú ar an léarscáil a thaispeánann an % d'athrú daonra i ngach contae agus cathair ó 1996.


Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i ngach ceann de na habairtí (i) agus (ii) thíos.

(i) Tá daonra **níos mó ná/níos lú** ná 1 milliún ag Contae Bhaile Átha Cliath.

(ii) Tharla méadú **níos mó/níos lú** i gCathair na Gaillimhe ná i gCathair Phort Láirge.

(iii) Tabhair cúis amháin leis na méaduithe móra a tharla i gcontaetha na Mí (22.1%) agus Cill Dara (21.5%).
Cúis:

__________________________________________________________




 [thall

## 8. AN TIMTHRIALL DAONRA


Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i ngach ceann de na ráitis thíos:

Tugtar an **Chéim Ard-Luaineachta/ an Chéim Íseal-Luaineachta** ar Chéim 1.

I gCéim 2 tagann méadú tapa ar an daonra de bharr laghdú sa **Ráta Beireatais/Ráta Báis**.

Léiríonn Céim 4 treochtaí daonra i **dTíortha Forbartha/Tíortha i mBéal Forbartha**.

Céimeanna 1 2 3 4 5



**9. AERÁID AGUS FÁSRA.**

Déan staidéar ar an léaráid thíos de **chrann buaircíneach** a thaispeánann conas a rinne sé oiriúnú don aeráid ina bhfásann sé.

*Cuir Tic (✓ ) sa bhosca ceart.*




| | |
|---|---|
| Fréamhacha doimhne | ☐ |
| Duillí ar nós snáthaidí | ☐ |
| Duillí leathana | ☐ |
| Coirt thanaí | ☐ |


**10. ITHIR**

Taispeánann na léaráidí thíos na próisis faoina dtarlaíonn **húmasú** (**humification**) agus **Láisteadh**.

***Cuir isteach** an focal cuí sa spás a thugtar faoi gach léaráid.*




______________________




______________________

**Freagair 11A nó 11B**

**11A. GNÉITHE OIGHRIÚCHÁIN**

Cé acu díobh seo a leanas ar gnéithe tírdhreacha d'oighearchreimeadh iad **GO LÉIR**?

*Cuir Tic (✓ ) sa bhosca ceart.*

(a) Gleannta crochta, adharcanna, droimníní, airéiteanna. ☐

(b) Coirí, eascracha, gleannta crochta, moiréin. ☐

(c) Coirí, airéiteanna, gleannta oighrithe, adharcanna. ☐

(d) Moiréin, airéiteanna, eascracha, gleannta crochta. ☐

**NÓ**

**11B. GHÉITHE AN CHÓSTA**

Cé acu seo a leanas ar gnéithe tírdhreacha de chreimeadh farraige iad **GO LÉIR**?

*Cuir Tic (✓ ) sa bhosca ceart*.

(a) Aill fharraige, dromchla tonnghearrtha, áirse fharraige, barra gainimh. ☐

(b) Aill fharraige, uaimh fharraige, poll séideáin, trá ghainimh. ☐

(c) Uaimh fharraige, áirse fharraige, aill fharraige, staic fharraige. ☐

(d) Áirse fharraige, trá, gob gainimh, aill. ☐

**12. BÁISTEACH**

Taispeántar an cineál Báistí sa léaráid thíos:


*Cuir Tic (✓ ) sa bhosca ceart*.

(a) Báisteach Rilífe ☐

(b) Báisteach Fhrontach ☐


(c) Báisteach Éadrom ☐

(d) Báisteach Chomhiompair ☐



**13. TOSCA A IMRÍONN TIONCHAR AR AERÁID**

Scrúdaigh an léarscáil a thaispeánann isiteirimeacha samhraidh d'Éirinn agus don Bhreatain.




***Cuir ciorcal** thart ar an bhfreagra ceart i **ngach** ceann de na habairtí seo a leanas:*

(i) Tá an teocht ag **X níos mó ná 16°C/níos lú ná 15°C**.

(ii) Den chuid is mó, tá na teochtaí feadh an chósta **níos airde/níos ísle** ná intíre.

(iii) Ar an iomlán, **ardaíonn/titeann** teochtaí de réir mar a théann duine ó thuaidh.

**14. FUINNEAMH INATHNUAITE**

Taispeánann an léarscáil Feirm Ghaoithe atá molta amach ó chósta Chill Mhantáin.

**Feirmeacha Gaoithe amach ó Chill Mhantáin**





**Ainmnigh** TRÍ cinn eile d'fhoinsí **fuinnimh inathnuaite**.


1 ________________________ 2 ________________________ 3 ________________________

**15.** **SCILEANNA STAITISTIÚLA**

*Ar na línte uimhrithe (i), (ii) agus (iii) cuir lipéid ar an dronuilleog roinnte thíos ag baint úsáide as an eolas a thaispeántar ar an bpíchairt.*

Tá dhá lipéad curtha isteach duit.



**16. STRUCHTÚR DAONRA**

Taispeánann an tábla thíos an struchtúr daonra don Nigéir.
Tugtar Pirimid Aoise-Gnéis duit a bhfuil cuid di críochnaithe.


(i) Críochnaigh an phirimid ag baint úsáide as na figiúirí sa tábla.

(ii) Tá le tuiscint ón bpirimid gur Tír i **mBéal Forbartha**/**Tír Fhorbartha** í an Nigéir.

Cuir **ciorcal** thart ar an bhfreagra ceart.

| | **Aoisghrúpa** | **Fireann % den daonra** | **Baineann % den daonra** |
|---|---|---|---|
| **An Nigéir** | 60+ | 3 | 3 |
| | 20-59 | 19 | 18 |
| | 0-19 | 28 | 29 |


## An Nigéir



**17. TÍREOLAÍOCHT UIRBEACH**

Taispeánann an léarscáil an céatadán den daonra atá uirbithe i bPoblacht na hÉireann.

*Cuir tic (✓ ) sa bhosca ceart*.




(i) Is san oirthear atá an chuid d'Éirinn is lú atá uirbithe. ☐

(ii) Tá Cúige Connacht níos uirbithe ná Cúige Mumhan. ☐

(iii) Is é Contae Bhaile Átha Cliath an contae is uirbithe. ☐

(iv) Is lú uirbithe Contae Chorcaí ná Contae na Gaillimhe. ☐

**18. SUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS**

Meaitseáil na cearnóga eangaí seo a leanas leis na húsáidí talún a thaispeántar sa tábla thíos.

Cearnóga Eangaí: **S** 72 78; **S** 71 74; **S** 66 74.

| Úsáid talún | Cearnóg Eangaí |
|---|---|
| Foraois bhuaircíneach | |
| Monarcha chóireála séarachais | |
| Monarcha | |

**19. SUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS**

Ag baint úsáide araon as an léarscáil agus as an bhfótagraf de bhaile Ceatharlach, tabhair uimhir an bhóthair a thrasnaíonn an abhainn san fhótagraf.

Uimhir an bhóthair________________________________

**20. SUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS**

Tomhas fad abhainn na Bearrú ón droichead ag baile Ceatharlach **S** 716 767 ó dheas go dtí an áit a dtéann abhainn na Fuiseoige i gcumar léi ag **S** 698 737.

Is é an fad ______________________ Ciliméadar.

# Leathanach Bán